Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Muir

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas a ghabhann leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, ar dheontais agus ar fhóirdheontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna a bhfuil teorainn airgid leo agus chun Inis Sionnach a fheabhsú.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2022 as leithreasaí neamhchaite 2021, faoi na socruithe maidir le géilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas de €95.009 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Déantar sócmhainní sa chatagóir mótarfheithiclí a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta deich mbliana. Léiríonn an ráta sin cineál tionsclaíoch na sócmhainní sin.

Níl aon luachálacha ar thalamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tar éis próiseas iniúchóireachta a chur i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Cuimsítear na nithe seo a leanas sa dearbhú sin:

- Obair iniúchóireachta inmheánaí arna déanamh ag aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Iontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisciú a dhéanamh do ranna is úsáideoirí agus a n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tuairiscíonn na hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm in 2022.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe faoi mo bhráid maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta inmheánaí, mar aon le tuarascálacha ar fheidhmiú na rialuithe le linn 2022.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas, i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus na freagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Is é atá mar bhonn lena cuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus is bunaithe ar an anailís sin atá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá roinnt sásraí i bhfeidhm ag an Roinn chun a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach. Cuimsítear iontu sin an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, an Coiste Iniúchóireachta agus an córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilimse i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn ar dhéileáil le saincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus ar na ceanglais chreidiúnaithe arna leagan síos sa rialachán le haghaidh ghníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí atá á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – ar gnólacht cuntasaíochta gairmiúil é – a dheimhníonn cuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). In 2022, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,271 daonlá iniúchóireachta a bheith á ndéanamh ag na comhlachtaí sin. Thug mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh chuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Tá mionsonraí faoi 91 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 44 chonradh arbh fhiú €3,476,559 san iomlán iad (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Dámhadh conradh amháin dar luach €320,714 roimhe seo faoi phróiseas neamhiomaíoch ach sháraigh sé an tsuim a ceadaíodh.
- Dámhadh deich gconradh dar luach €678,150 roimhe seo faoi phróisis iomaíocha ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha do na próisis sin.
- Tháinig dhá chonradh dar luach €227,802 chun cinn mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha ar aistriú chuig soláthraithe seirbhíse nua.
- Cuireadh deich gconradh dar luach €1,101,370 ar aghaidh tar éis a ndáta éaga.
- Tháinig naoi gconradh déag dar luach €802,899 chun cinn nuair nár iarradh aon fhaomhadh roimh sholáthar neamhiomaíoch.
- Tháinig dhá chonradh dar luach €345,624 chun cinn mar gheall ar riachtanas práinneach chun dramhaíl bhitheolaíoch a dhiúscairt mar gheall ar dhídhaonrú a bhain le ráigeanna den fhliú éanúil.

Tá an Roinn tiomanta do leibhéal an tsoláthair neamhchomhlíonta a dhéantar a laghdú agus leanann sí ag díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach críochnúil pleanáilte.

***Creat riosca agus rialaithe***

Leanadh le córas bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú i rith 2022.

- Tá an Oifig Rioscaí, atá lonnaithe sa Rannóg Airgeadais, ag obair go lánaimseartha chun gníomhaíocht bainistíochta riosca a fhorbairt agus a threisiú ar fud na heagraíochta. Baintear é sin amach trí mheasúnú cáilíochta a dhéanamh ar na rioscaí ar an gclár rioscaí, trí thacaíocht a thabhairt maidir le bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm do bhaill foirne aonair, trí theagmháil le forbróirí an chórais eRisk chun an córas eRisk a fheabhsú agus a bhreisiú agus trí Cheardlanna Bainistíochta Riosca spriocdhírithe a reáchtáil ar bhonn rannóige chun dea-chleachtas a leabú maidir le bainistíocht riosca.
- Buaileann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Chúnta ar a bhfuil freagracht as rialachas agus ag a bhfuil ionadaíocht ar leibhéal an Chinn Rannóige ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé maoirseacht ar obair na hOifige Rioscaí.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Rinne an Bord Bainistíochta beartas riosca na Roinne a athbhreithniú agus a fhaomhadh i mí Iúil 2020.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla tuairiscithe agus monatóireachta frithchalaoise chun feidhme agus coimeádann an Rannóg Airgeadais clár calaoise.

- Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartas calaoise na Roinne, a chuimsíonn bearta frith-chalaoise, agus d'fhaomh sé é in 2022. Beidh oiliúint maidir leis an mBeartas Calaoise á leathadh amach in 2023.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC. I mí na Samhna 2022, d'fheabhsaigh an Roinn an fócas ar shlándáil TF trí Rannóg nua Slándála Faisnéise a chruthú laistigh den Aonad Faisnéise, Bainistíochta agus Teicneolaíochta, agus post nua Príomhoifigigh ann. Clúdaíonn an rannóg nua sin slándáil líonra, anailísíocht sonraí, slándáil faisnéise agus comhlíonadh, agus cibearshlándáil.

Ina theannta sin, leanann an Roinn ar aghaidh ag neartú staidiúir na slándála trí rannpháirtíocht i Líonra Comhordaithe agus Freagartha Cibearshlándála Rialtais an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus trí na caighdeáin bhunlíne ar fhoilsigh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála iad i mí na Samhna 2021 a fhorbairt agus a chomhlíonadh, go háirithe trí fheabhas leanúnach a chur ar phróisis freagartha teagmhais ar fud na rannóg uile sa Roinn. Tá an Roinn réamhghníomhach freisin maidir le feasacht ar shlándáil faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn don fhoireann agus tá cumas nua oiliúna cibearshlándála éigeantach á seoladh in R1 2023.

Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag rannán iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Ina theannta sin, tá an Roinn, ina ról mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoin gcaighdeán idirnáisiúnta *ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándála Faisnéise*, mar bhonn dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, déantar iniúchtaí débhliantúla ar an Roinn chun comhlíonadh leanúnach chaighdeán ISO 27001:2013 Slándáil Faisnéise a chinntiú. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta doiciméadaithe cúltaca/aisghabhála i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachtacha go léir, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí sábháilte stórála lasmuigh den láthair agus as saoráidí athshlánaithe tubaiste.

***Brexit***

Ón 1 Eanáir 2021 i leith, tá an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, lasmuigh de Mhargadh Aonair AE agus den Aontas Custaim. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag nósanna imeachta nua maidir le gnóthaí a aistríonn earraí chuig nó tríd an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, nó a aistríonn earraí ón Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann. Tháinig Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) AE-na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ag an am céanna. Foráiltear leis an gcomhaontú sin don trádáil atá saor ó tharaifí agus ó chuótaí le haghaidh earraí cáilitheacha de chuid AE agus na Ríochta Aontaithe, ach tá an comhaontú teoranta maidir le héascú na hearnála agraibhia, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann neamhchosaint na hearnála ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus cineál rí-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, go bhfuil sí leochaileach go háirithe d'éifeachtaí Brexit.

I rith 2022, chomh maith leis na costais leanúnacha a bhain le rialuithe allmhairithe a chur chun feidhme ar allmhairí táirgí bia ón Ríocht Aontaithe – atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 i leith – thabhaigh an Roinn costais bhreise a bhain le Brexit maidir le hullmhúcháin chun tacú leis an earnáil ceanglais nua rialaithe allmhairí na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh do tháirgí agraibhia le tabhairt isteach ón 1 Iúil 2022 i leith, go háirithe maidir le deimhniú sláinte onnmhairiúcháin a sholáthar. Áiríodh ar na costais foireann bhreise a earcú, bonneagar feabhsaithe TF a sholáthar, agus costais bhreise oiliúna agus chumarsáide chun tacú le hullmhacht na hearnála ceanglais nua na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh. I mí Aibreáin 2022, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe go gcuirfí na rialuithe nua seo ar athló go dtí deireadh 2023 ar a laghad. Beidh ar an Roinn agus ar an earnáil dul i ngleic arís le hullmhúcháin do na hathruithe seo lena chinntiú go laghdófar aon chur isteach nuair a sholáthróidh Rialtas na Ríochta Aontaithe soiléireacht ar na ceanglais.

Tugadh isteach roinnt scéimeanna tacaíochta in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchair Brexit ar na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh. Soláthraíodh an caiteachas sin tríd an bpróiseas meastachán agus déanfar é a mheas lena fhorchúiteamh mar chuid d'éileamh na hÉireann faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit de chuid an AE. Leanadh le caiteachas eile maidir le bearta tacaíochta Brexit don tionscal agraibhia le linn 2022 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus tríd an earnáil baincéireachta, arna ghiaráil le maoiniú tosaigh ón Roinn.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

***Íocaíochtaí dúblacha***

Eisíodh dhá íocaíocht dhúblacha dar luach €7.2 milliún san iomlán le linn 2022, a aisíocadh leis an Roinn ina dhiaidh sin. Tá athbhreithniú déanta ar nósanna imeachta maidir leis na híocaíochtaí seo chun an riosca go dtarlóidh siad arís a íoslaghdú.

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

26 Meán Fómhair 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Bainistíocht eastáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara***

Scrúdaítear i gCaibidil 10 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2022 bainistíocht na Roinne ar a punann réadmhaoine.

***Íocaíochtaí dúblacha***

Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go ndearnadh dhá chás in 2022 d'íocaíochtaí dúblacha trí earráid, arbh fhiú €7.2 milliún iad. Deir sé go bhfuil na suimeanna aisghafa agus go bhfuil céimeanna glactha chun atarlú a chosc.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar/faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cás/cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conradh/conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2022.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 341,715 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,800 | | | |
| | | | 350,515 | 332,804 | 301,657 |
| B | Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Bunaidh* | 939,464 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 29,900 | | | |
| | *Forlíontach* | 52,389 | | | |
| | | | 1,021,753 | 953,074 | 823,914 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Bunaidh* | 402,958 | | | |
| | *Forlíontach* | 40,527 | | | |
| | | | 443,485 | 430,672 | 402,846 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Bunaidh* | 207,154 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,356) | | | |
| | | | 198,798 | 176,859 | 164,301 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,891,291 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 29,900 | | | |
| | *Forlíontach* | 93,360 | | | |
| | | | **2,014,551** | **1,893,409** | **1,692,718** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 429,429 | | | |
| | *Forlíontach* | (22,000) | | | |
| | | | **407,429** | **408,796** | **386,665** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,461,862 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 29,900 | | | |
| | *Forlíontach* | 115,360 | | | |
| | | | **1,607,122** | **1,484,613** | **1,306,053** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó aon chuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.  Tugadh €27.5 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta anonn go dtí 2023 (nóta 6.7).

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 122,509,275 | 187,877,467 |
| Géilleadh iarchurtha | (27,500,000) | (29,900,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **95,009,275** | **157,977,467** |

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

26 Meán Fómhair 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,562,420 | 1,392,409 |
| Pá | | 225,624 | 211,253 |
| Neamhphá | | 105,365 | 89,056 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,893,409** | **1,692,718** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **408,796** | **386,665** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,484,613** | **1,306,053** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (5,120) | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairt | (55) | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 55 | | |
| Dímheas | 3,013 | (2.107) | (1,560) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 51,872 | | |
| Méadú ar fhardail | (842) | 51,030 | 6,106 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **1,535,536** | **1,310,599** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 90,308 | 82,773 |
| Measchíosanna | | 8,027 | 8,026 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,631,871** | **1,401,398** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 17 | 6 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 84,240 | 78,077 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,904 | 3,476 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 380 | 371 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 19 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 507 | 560 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 241 | 283 |
| | | **90,308** | **82,773** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 10,598 | 8,491 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 107,883 | 166,402 |
| Fardail | 2.3 | 2,909 | 2,067 |
| *Ioncam fabhraithe:* | | | |
| Maoiniú CETFT atá dlite ó AE | | 125,819 | 158,537 |
| Suimeanna eile atá dlite ó AE | | 4,453 | 5,162 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 1,743 | 668 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 10,175 | 11,027 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 34,596 | 39,059 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 7,133 | 542 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **294,711** | **383,464** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | 2.6 | 33,112 | 18,908 |
| Ioncam iarchurtha | | 5 | 4 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 32,337 | 28,920 |
| Glanmhaoiniú státchiste | 2.8 | 82,679 | 138,024 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **148,133** | **185,856** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 146,578 | 197,608 |
| **Glansócmhainní** | | **157,176** | **206,099** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.9 | **157,176** | **206,099** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Mótarfheithiclí agus innealra eile | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus trealamh eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 4,818 | 6,935 | 118 | 23,370 | 35,241 |
| Breiseanna | 2,829 | 741 | — | 1,550 | 5,120 |
| Diúscairtí | — | (163) | — | (2,245) | (2,408) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | **7,647** | **7,513** | **118** | **22,675** | **37,953** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 2,541 | 5,052 | 26 | 19,131 | 26,750 |
| Dímheas don bhliain | 957 | 517 | 12 | 1,527 | 3,013 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (163) | — | (2,245) | (2,408) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | **3,498** | **5,406** | **38** | **18,412** | **27,355** |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **4,149** | **2,107** | **80** | **4,263** | **10,598** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 2,277 | 1,883 | 92 | 4,239 | 8,491 |

Nótaí [a] Níl luachálacha ar an talamh agus na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 107,553 | 165,934 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 330 | 468 |
| | **107,883** | **166,402** |

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthairtí tréidliachta | 2,541 | 1,743 |
| Beostoc | 312 | 276 |
| Fardal talmhaíochta | 39 | 39 |
| Trealamh sábháilteachta | 17 | 9 |
| | **2,909** | **2,067** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (nóta 6.6) | 25,000 | 25,000 |
| Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin | 5,499 | 7,892 |
| Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise | 3,163 | 3,543 |
| Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí | — | 1,114 |
| Eile | 667 | 1,032 |
| Síntiúis | 267 | 478 |
| | **34,596** | **39,059** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain tuarastail | 2 | 3 |
| Óinchistí agus costais taistil in-fhorchúitithe | 143 | 69 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 795 | 470 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 6,193 | — |
| | **7,133** | **542** |

## 2.6 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe sonracha clár | 29,800 | 16,701 |
| Costais riaracháin | 1,826 | 1,278 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 1,486 | 929 |
| | **33,112** | **18,908** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,585 | 3,299 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,234 | 2,041 |
| Cáin shiarchoinneálach | 2,825 | 1,887 |
| Cáin bhreisluacha | 1,680 | 1,149 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 10 | 23 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,834 | 402 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 165 | 20 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 702 | 644 |
| | 13,035 | 9,465 |
| | | |
| Urrúis | 2,800 | 3,052 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 423 | 375 |
| Airleacain AE | 13,221 | 11,797 |
| Ilghnéitheach | 2,858 | 4,231 |
| | **32,337** | **28,920** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 95,009 | 157,977 |
| Géilleadh iarchurtha | 27,500 | 29,900 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (39,830) | (49,853) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **82,679** | **138,024** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 107,883 | 166,402 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7,133 | 542 |
| | 115,016 | 166,944 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (13,035) | (9,465) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (19,302) | (19,455) |
| | (32,337) | (28,920) |
| | **82,679** | **138,024** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 206,099 | 217,765 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,607,122 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (27,500) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (95,009) | | |
| Glanvóta | | | 1,484,613 | 1,306,053 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 90,308 | 82,773 |
| Míreanna neamhairgid – coigeartú le haghaidh fíorú sócmhainní agus le haghaidh tairseach tuairiscithe sócmhainní | 2.1 | | — | (7,120) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 8,027 | 8,026 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (1,631,871 | (1,401,398) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **157,176** | **206,099** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 92,452 | 146,680 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 584,366 | 448,490 |
| Cláir deontas caipitil | 745,921 | 662,035 |
| Mórthionscadal caipitil | — | 70 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,422,739** | **1,257,275** |

**Ceangaltais cláir deontas neamhchaipitil**

| | **Dlite in 2023**<br>**€000** | **Blianta ina dhiaidh sin**<br>**€000** | **2022 Iomlán**<br>**€000** | **2021 Iomlán**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Deontais don earnáil orgánach | 53,474 | 213,321 | 266,795 | 26,589 |
| Scéim agra-chomhshaoil ghlas, ísealcharbóin | 39,618 | 5,029 | 44,647 | 235,155 |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil – reatha | 29,609 | 49,006 | 78,615 | 29,620 |
| An Clár Domhanda Bia | — | 25,000 | 25,000 | 50,000 |
| Taighde bia | 20,200 | 45,436 | 65,636 | 67,728 |
| Scéim Feabhsaithe Caorach | 19,550 | 3,450 | 23,000 | — |
| Beart ionchorpraithe tuí | 10,000 | 40,000 | 50,000 | 517 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | 6,749 | 4,075 | 10,824 | 5,096 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh – babhta nua | 5,871 | 1,957 | 7,828 | 5,567 |
| Clár sonraí mairteola agus géanómaíochta | 3,812 | — | 3,812 | 4,775 |
| Leas caorach | 2,500 | 1,281 | 3,781 | 21,360 |
| Treoirscéim REAP | 2,048 | — | 2,048 | — |
| CCB Reatha | 706 | — | 706 | — |
| Comhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | 188 | — | 188 | 485 |
| Íocaíochtaí blianachta talún | 149 | 1,116 | 1,265 | 1,351 |
| Bainne agus torthaí scoile | 111 | — | 111 | 222 |
| REPS SM4 bruachánach | 93 | — | 93 | — |
| Aistriú eolais | 17 | — | 17 | 25 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **194,695** | **389,671** | **584,366** | **448,490** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid oscailte | 662,035 | 617,319 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (207,017) | (186,737) |
| Ceangaltais nua | 339,089 | 282,553 |
| Dí-cheangaltais deontas | (48,186) | (51,100) |
| **Iarmhéid deiridh** | **745,921** | **662,035** |

**Ceangaltais clár deontas caipitil**

| | 2022 | | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite in 2023**<br>**€000** | **Blianta ina dhiaidh sin**<br>**€000** | **Iomlán**<br>**€000** | **Iomlán**<br>**€000** |
| Foraoisiú | 83,267 | 455,627 | 538,894 | 509,726 |
| Scéimeanna spriocdhírithe um nuachóiriú talmhaíochta | 41,355 | — | 41,355 | 75,044 |
| An clár caipitil um Lárionaid Cuanta Iascaigh | 31,404 | 19,152 | 50,556 | 20,702 |
| CBSÉ – Scéim Iasachta Brexit | 18,267 | 12,800 | 31,067 | 3,385 |
| CCB Caipitil | 14,439 | — | 14,439 | — |
| Scéim gairneoireachta | 4,000 | 1,497 | 5,497 | 3,721 |
| An tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (INTNIT) | 3,072 | 5,471 | 8,543 | — |
| Athchóiriú cóiríochta mac léinn Bhéal Átha hÉis | 2,900 | — | 2,900 | — |
| Scéim prátaí síl/sliste | 619 | — | 619 | — |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil – caipiteal | 78 | — | 78 | 24 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh – caipiteal | 63 | — | 63 | 3,933 |
| Tionscnamh bia LEADER | 4,000 | 1,986 | 5,986 | 10,500 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 17,000 | 28,924 | 45,924 | 35,000 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **220,464** | **525,457** | **745,921** | **662,035** |

**Ceangaltais mórthionscadal caipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 €000 | Caiteachas in 2022 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2022 €000 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 25,787 | 74 | — | 25,861 | 25,857 |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí shealadach faoi Chlár Oibriúcháin CEMI na hÉireann mar gheall ar mhoill ar chur chun feidhme chóras pointí AE a cheanglaítear faoi Rialacháin AE.

   In 2018, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí forchúitimh le hÉirinn ar fionraí le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmithe agus bhí €29.321 milliún á choinneáil siar aige in íocaíochtaí ar fionraí amhail ag deireadh 2022.

   Tá rialacháin tugtha isteach ag an Aire ó shin a chomhlíonann na ceanglais ábhartha go hiomlán maidir le córas pointí do shealbhóirí ceadúnais bád iascaireachta mara. Tá na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi na rialacháin seo i bhfeidhm anois.

   An tAcht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, a síníodh ina dhlí i mí an Mhárta 2022 agus ar cuireadh tús leis i mí na Bealtaine 2022, rinneadh foráil leis do chóras pointí comhchosúil do Mháistrí soithí iascaireachta. Cuireadh bearta riaracháin agus socruithe i bhfeidhm ó shin chun an córas pointí a fhorfheidhmiú. Ba iad sin na céimeanna deiridh maidir le coinníollachtaí ex-ante do chlár CEMI a chomhlíonadh.

   Chun deireadh a chur leis an bhfionraí, ní mór don Choimisiún Eorpach a bheith sásta go bhfuil na bearta a glacadh sách láidir. Tá gach iarracht á déanamh ag Éirinn faisnéis a sholáthar chun cabhrú leis an bpróiseas bailíochtaithe seo. Foráiltear le Rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair a chomhlíonann Éire ceanglais an chórais pointí go hiomlán.

2. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha i ndáil le hábhair a sainaithníodh tar éis Fiosrúchán Riaracháin de bhun Airteagal 102(2) de Rialachán 1224/2009 ó AE um Rialú maidir le cúrsaí rialaithe iascaigh mara. Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá neamhspleách maidir le cúrsaí oibriúcháin, ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na fionnachtana. Tá nádúr agus uainiú aon dliteanas féideartha éiginnte fós.

   Ag leanúint ar aghaidh ó Iniúchadh ón gCoimisiún in 2018, fuair Éire cinneadh foirmiúil maidir le rún an Choimisiúin chun fiosrúchán riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 102(2) de Rialachán 2009 ó AE um Rialú ar Iascach chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas na hÉireann rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a chur i bhfeidhm. Cuireadh fionnachtana an fhiosrúcháin in iúl d'Éirinn i mí na Nollag 2020. Is ceisteanna forfheidhmithe dlí d'údaráis rialaithe na hÉireann iad monatóireacht agus rialú soithí iascaireachta laistigh de Chrios Iascaigh Eisiach na hÉireann. Faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006, is don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) agus don tSeirbhís Chabhlaigh amháin gach saincheist oibríochta den chineál seo.

   Go príomha, shainaithin an Coimisiún easnaimh a bhain le rialú éifeachtach na n-iascach peiligeach, saincheisteanna a bhain le tearcthuairisciú ar ghabhálacha na speiceas sin; córas smachtbhannaí neamhleor agus neamhéifeachtach do chionta a dhéanann oibreoirí; agus easpa rialaithe agus forghníomhaithe ar ghabhálacha tuinnín ghoirm ag soithí áineasa.

Chuir an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM), le tacaíocht ó oifigigh na Roinne, nuair a bhí sé tairbheach, tús le próiseas caidrimh le Coimisiún AE. Mar gheall ar an idirchaidreamh leis an gCoimisiún, rinneadh meastóireacht iomlán ar fhionnachtana an Fhiosrúcháin agus breithniú ar na gníomhartha a shainaithin an Coimisiún. Táthar ag fanacht faoi láthair ar ghníomhaíocht fhoirmiúil ón gCoimisiún maidir le haon chéimeanna eile a fhéadfaidh sé a ghlacadh. Tuigtear, áfach, go measann ÚCIM gur thug sé aghaidh go mór ar na teipeanna a shainaithin DG Mare in Iniúchadh 2018 agus ar fhionnachtana an Fhiosrúcháin Riaracháin.

3. Tá an Roinn ar an eolas freisin faoi dhícheaduithe féideartha maidir leis na próisis iniúchta seo a leanas atá ar siúl. Tá suim nó uainiú iarbhír aon dliteanais ionchasaigh éiginnte.

   - Iniúchadh ANC 2021 — An 23.03.2023, d'iarr Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (DG AGRI) seasamh nuashonraithe maidir le líon na dtairbhithe agus an tsuim i ndáil le blianta éilimh 2019-2021. Eisíodh freagra leis na suimeanna nuashonraithe chuig DG AGRI an 08.05.2023. An 05.09.2023, d’iarr DG AGRI nuashonrú breise ar an staid maidir le blianta éilimh 2019 – 2021. Tá freagra le heisiúint chuig DG AGRI faoin 29.09.2023.

   - IACS EAFRD 2022 – RDP 2014-2020, ANC, SWS, BDGP, GLAS, Organics, Burren — DG AGRI, an 24.05.2023, d'iarr sé tábla frámaí ama GLAS 1, 2 & 3 don bhliain 2020. Thug DAFM an fhaisnéis do DG AGRI an 25.05.2023. Fuarthas litir chlabhsúir an 22.09.2023 ó DG AGRI á rá gur measadh go raibh an t-iniúchadh críochnaithe gan aon cheartuithe airgeadais.

   - Ráiteas Dearbhaithe 2022 don bhliain airgeadais 2021 (CETFT) – SWS & GLAS – rinneadh iniúchadh ECA idir an 26.09.2022 agus an 30.09.2022. Fuarthas litir chlabhsúir an 23.03.2023 le tuairimí maidir le SWS agus GLAS. D'oscail DG AGRI fiosrúchán de bhun an iniúchta (DAS CL 13894).

   - DAS CL 13894 — D'iarr DG AGRI faisnéis maidir leis na barúlacha ó ECA ina Ráiteas um Iniúchadh Dearbhaithe 2022. Cuireadh an fhaisnéis is déanaí ar fáil do DG AGRI i mí Iúil 2023. Táthar ag fanacht le nuashonrú ó DG AGRI.

**Eile**

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d’fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha éiginnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Leithroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 225,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,300 | | | |
| | | | | 227,600 | 225,624 | 211,253 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,304 | | | |
| | | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | | 7,804 | 7,260 | 5,400 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,193 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,400) | | | |
| | | | | 6,793 | 5,803 | 5,357 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 5,570 | 5,248 | 4,348 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 64,519 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,400 | | | |
| | | | | 67,919 | 65,822 | 48,489 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,910 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,950) | | | |
| | | | | 18,960 | 10,316 | 15,456 |
| vii | Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 168 | 124 | 192 |
| viii | Bearta forlíontacha do AE | | | 924 | 821 | 1,088 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | | 10,752 | 9,971 | 8,726 |
| | | | | **346,490** | **330,989** | **300,309** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas Riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €9.193 milliún; toradh €5.803 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €3.39 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar roinnt fachtóirí. Rinneadh coigilteas de €334,000 san oiliúint, toisc gur fhan an oiliúint ar líne agus nár baineadh amach caiteachas buiséadaithe ar chruinnithe agus ar sheimineáir.

Rinneadh coigilteas de €200,000 i soláthar cuntasaíochta teicniúil a cheadaigh caillteanais airgeadra eachtraigh nach raibh ag teastáil.

Ina theannta sin, ní raibh gá le soláthar de €1.39 milliún a rinneadh do chásanna dlí féideartha.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €21.91 milliún; toradh €10.316 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €11.594 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar roinnt fachtóirí.

Maidir leis na háiseanna iar-Brexit ag Calafort Bhaile Átha Cliath, agus mar gheall ar chastacht na gceanglas agus ar chomhroinnt na n-acmhainní idir gníomhaireachtaí, tá athbhreithniú á dhéanamh ar bhonneagar Chalafort Bhaile Átha Cliath. Féadfar eisíocaíocht réamh-mheasta 2022 a chur i gcrích in 2023.

I dtús, measadh oibriú cumaisc a bheith i bhfeidhm in R2 de 2022, ach leasaíodh an dáta sin go R4. Is é an toradh a bhí air sin ná coigilteas maidir le costas cóiríochta oifige agus troscán agus feisteas gaolmhar. Is dócha go mbeidh an caiteachas sin á bhrú isteach sa bhliain 2023 anois. Ina theannta sin, bhíothas ag súil go mbeadh gá le riachtanais bhreise stórála taifead lasmuigh den láthair in 2022 chun an fhoireann a thabhairt ar ais go timpeallacht na hoifige, ach níor tharla sé sin go fóill.

In 2021, tháinig méadú ar an gcaiteachas a bhain le glanadh conartha mar gheall ar phaindéim Covid-19. Is deacair caiteachas sa réimse seo a thuar. Tháinig laghdú ar an gcaiteachas seo in 2022 mar gheall ar líon laghdaithe na n-iarratas domhainghlanta.

Cuireadh moill ar chaiteachas eile mar gheall ar shaincheisteanna slabhra soláthair maidir le soláthar páirteanna agus seirbhísí.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 131,667 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,300 | | | |
| | | | 133,967 | 131,856 | 123,458 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | 74,947 | 63,516 | 55,877 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 135,101 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,500 | | | |
| | | | 141,601 | 137,432 | 122,322 |
| | | | **350,515** | **332,804** | **301,657** |

## Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | | 64,428 | 64,521 | 60,411 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,385 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,450) | | | |
| | | | | 28,935 | 28,574 | 22,458 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 336,178 | | | |
| | | *Forlíontach* | (45,700) | | | |
| | | | | 290,478 | 268,570 | 226,665 |
| B.4 | Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | | 247,000 | 246,451 | 246,812 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 32,578 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 29,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,650 | | | |
| | | | | 75,128 | 65,581 | 73,158 |
| B.6 | Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola | | | 85,791 | 72,510 | 78,068 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | 25 | 1 | 58 |
| B.8 | Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,500) | | | |
| | | | | 18,000 | 17,562 | 17,881 |
| B.9 | Scéim luathscoir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | – | | | |
| | | *Forlíontach* | 33 | | | |
| | | | | 33 | 12 | (27) |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,100) | | | |
| | | | | 91,900 | 74,086 | 69,567 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.11 | Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,467 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,156 | | | |
| | | | 17,623 | 15,548 | 14,556 |
| B.12 | Scéimeanna eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 112 | | | |
| | *Forlíontach* | 98,800 | | | |
| | | | 98,912 | 96,193 | 93 |
| B.13 | Bearta cánach carbóin | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 500 | | | |
| | | | 3,500 | 3,465 | 14,214 |
| | | | **1,021,753** | **953,074** | **823,914** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas maidir le Clár B €16.290 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Míníodh an difríocht de €2.718 milliún i gcaiteachas riaracháin cheana féin. Na nithe seo a leanas go príomha ba chúis le hiarmhéid an difir de €13.572 milliún.

**B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil**

*Soláthar meastacháin €336.178 milliún; toradh €268.57 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €67.608 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar choigilteas ar fud roinnt scéimeanna, go príomha mar seo a leanas.

Tháinig coigilteas de €10 milliún chun cinn sa Scéim Ghlas Agra-Chomhshaoil Ísealcharbóin (GLAS) mar gheall ar laghdú ar líon na n-iarratasóirí gníomhacha ar thráinsí GLAS 1 agus GLAS 2 agus laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha in GLAS 3.

Tháinig coigilteas de €13.73 milliún chun cinn i dtionscnaimh agra-chomhshaoil, go háirithe sa scéim samplála ithreach a raibh dúshláin soláthair roimpi. Tháinig coigilteas de €4.79 milliún chun cinn sa Staidéar Timpeallachta Feirme. B’éigean suirbhéanna don Staidéar a chur siar go dtí samhradh 2023 le gur féidir iad a dhéanamh le linn na tréimhse suirbhéireachta is fearr ó thaobh measúnú bithéagsúlachta agus gnáthóige de.

Tháinig coigilteas €36.142 milliún le hIonstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) chun cinn, go príomha de bharr na

géarchéime costais maireachtála agus saincheisteanna soláthair a raibh tionchar áirithe acu ar chríochnú na dtionscadal. Mar thoradh ar chostais mhéadaitheacha sa tionscal tógála, tá oibreacha réamh-mheasta á gcur siar nó á ngearradh siar ag roinnt iarratasóirí.

**B.5 Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt**

*Soláthar meastacháin €62.478 milliún; toradh €65.581 milliún*

Tharla an farasbarr caiteachais de €3.103 milliún chun cinn toisc go raibh na scéimeanna caipitil i bhfo-mhírcheann B.5 bunaithe ar éileamh. Léiríonn an caiteachas deiridh líon na n-iarratas a próiseáladh in 2022.

**B.6 Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola**

*Soláthar meastacháin €85.791 milliún; toradh €72.51 milliún*

Is é is cúis leis an easnamh caiteachais de €13.281 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh do scéimeanna mairteola go raibh scéim idirthréimhseach ann in 2021 don Chlár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (CSMG). Tháinig laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha ó CSMG I sa scéim idirthréimhseach seo in 2021.

**B.8 Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh**

*Soláthar meastacháin: €19.5 milliún; toradh €17.562 milliún*

Na nithe seo a leanas ba chúis leis an easnamh caiteachais de €1.938 milliún: ag eascairt as an síneadh ama a cuireadh leis an scéim, agus mar aitheantas do na hathruithe ar phróifíl na dtréad do rannpháirtithe sa scéim le himeacht ama, leasaíodh an bonn le haghaidh íocaíochta faoin scéim go dtí an ceann ab airde dá n-uimhir thagartha reatha nó ná dtuairisceán daonáirimh caorach 2017. Mar thoradh ar an athrú sin, tháinig méadú ar líon na gcaorach pórúcháin a bhí i dteideal íocaíochta faoin scéim. Mar sin féin, braitheann an íocaíocht iarbhír ar ráta rannpháirtíochta na scéime, ar rannpháirtithe a bheith ag coinneáil an lín riachtanaigh caorach pórúcháin agus ar rannpháirtithe ag cur a gcuid gníomhartha leasa scéime roghnaithe i gcrích.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Soláthar meastacháin €100 milliún; toradh €74.086 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €25.914 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh go príomha mar gheall ar easnamh de €25 mhilliún i gcaiteachas caipitil. Tá an scéim bunaithe ar éileamh agus bhí soláthar déanta i meastachán 2022 do phlandáil 8,000 heicteár faoin scéim, ach níor tharla sé sin.

**B.11 Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile**

*Soláthar meastacháin €16.467 milliún; toradh €15.548 milliún*

Tháinig an t-easnamh caiteachais de €919,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar chostais níos ísle a bhain le forbairt an Chórais Monatóireachta Limistéir, córas a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar incháilitheacht talún faoin Scéim Tacaíochta Bun-Ioncaim (BISS) agus Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) sa bhliain 2023.

**B.12 Scéimeanna eile**

*Soláthar meastacháin €112,000; toradh €96.193 milliún*

Tharla an róchaiteachas de thart ar €96.081 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh de bharr scéimeanna a tugadh isteach mar fhreagra ar dheacrachtaí tionscail agus luaineacht an mhargaidh tar éis ionradh na hÚcráine. Ba iad an dá phríomhbheart a tugadh isteach ná an Scéim Tacaíochta Farae ar luach €83.154 milliún agus an Scéim Dreasachta Curaíochta ar luach €8.556 milliún.

**B.13 Bearta cánach carbóin**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €3.465 milliún*

Tharla an farasbarr caiteachais de €465,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar mhaoiniú a soláthraíodh do Theagasc chun trealamh tomhais gás ceaptha teasa (GCT) a fháil.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | 18,360 | 18,387 | 17,216 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | 7,935 | 6,841 | 5,706 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniú | | | | |
| | *Bunaidh* | 30,983 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,053 | | | |
| | | | 39,036 | 39,027 | 29,510 |
| C.4 | Forbairt agus cur chun cinn na talmhaíochta agus an bhia (neamhfheirm) | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,906 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,300) | | | |
| | | | 14,606 | 12,417 | 5,567 |
| C.5 | Deontas do Theagasc | | | | |
| | *Bunaidh* | 152,677 | | | |
| | *Forlíontach* | (940) | | | |
| | | | 151,737 | 148,957 | 141,943 |
| C.6 | Deontas do Bhord Bia | | 53,000 | 52,300 | 51,550 |
| C.7 | An Ciste um Rásaíocht Capall agus Con | | | | |
| | *Bunaidh* | 89,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,700 | | | |
| | | | 94,400 | 94,231 | 96,000 |
| C.8 | Ciste Nuálaíochta agus Forbartha Tuaithe Cedra | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,800 | | | |
| | | | 3,300 | 1,467 | 1,487 |
| C.9 | Tabhartais cúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 25,000 | | | |
| | | | 25,000 | 25,000 | 25,000 |
| C.10 | Scéimeanna iasachta CBSÉ | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,500 | | | |
| | | | 17,700 | 17,532 | 16,198 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,697 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,714 | | | |
| | | | 18,411 | 14,513 | 12,669 |
| | | | **443,485** | **430,672** | **402,846** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas maidir le Clár C €27.714 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Míníodh an gannchaiteachas de €1.067 milliún i gcaiteachas riaracháin cheana féin. Tharla iarmhéid an róchaiteachais fritháirithe de €28.781 milliún go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas.

**C.3 Taighde, cáilíocht agus deimhniú**

*Soláthar meastacháin €30.983 milliún; toradh €39.027 milliún*

Is féidir an caiteachas méadaithe de €8.044 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh a chur i leith thús mhaoiniú na Roinne do Bhord Bia chun cabhrú leis an Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe do 2023 a mhaoiniú agus le haghaidh oibreacha forbartha caipitil ag Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (CPEÉ).

**C.4 Forbairt agus cur chun cinn na talmhaíochta agus an bhia (neamhfheirm)**

*Soláthar meastacháin €18.906 milliún; toradh €12.417 milliún*

Is mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha a tharla an t-easnamh caiteachais de €6.489 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

Tháinig coigilteas de €2.924 milliún chun cinn i Scéim Infheistíochta Caipitil Brexit, arna feidhmiú ag Fiontraíocht Éireann, mar is féidir le scéimeanna infheistíochta caipitil a bheith casta agus ullmhúchán agus pleanáil shuntasach a éileamh. Beidh an Scéim ar siúl ar feadh roinnt blianta agus tarraingeofar anuas maoiniú de réir mar a chríochnófar tionscadail chaipitil.

Tháinig coigilteas de €3.3 milliún chun cinn nuair a bunaíodh oifig nua an Ombudsman Náisiúnta Bia. I bhfianaise chastacht an phróisis reachtaigh, níorbh fhéidir an oifig a bhunú in 2022. Mar bheart eatramhach, ba iad oifigigh de chuid na Roinne na baill foirne den údarás, mar sin ní raibh gá le haon mhaoiniú ón leithdháileadh i mbuiséad an Ombudsman Náisiúnta Bia le haghaidh soláthar foirne, áitribh nó seirbhísí coimhdeacha in 2022.

**C.7 An Ciste um Rásaíocht Capall agus Con**

*Soláthar meastacháin €89.7 milliún; toradh €94.231 milliún*

Is mar gheall ar infheistíocht chaipitil i nGraí Náisiúnta na hÉireann a tháinig an méadú ar chaiteachas de €4.531 milliún i gcomparáid leis an gcéad leithdháileadh.

**C.9 Tabhartais cúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia**

*Soláthar meastachán €nialas; toradh €25 mhilliún*

Tharla an méadú €25 mhilliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh de bharr réamhíocaíocht i leith ranníocaíocht na hÉireann do 2023 faoin gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí 2022-2024. Rinneadh an íocaíocht sin i mí na Nollag 2022 tar éis iarratas ón gClár Domhanda Bia. Tá an tsuim sin ar áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

**C.10 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ)**

*Soláthar meastacháin €13.2 milliún; toradh €17.532 milliún*

Tharla an méadú €4.332 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar na ranníocaíochtaí luathaithe ar an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta.

**C.11 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €16.697 milliún; toradh €14.513 milliún*

Is mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha a tharla an t-easnamh caiteachais de €2.184 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

Tháinig coigilteas de €388,000 chun cinn toisc nach raibh gá leis an soláthar stuama bliantúil do sheirbhísí dlí le linn na bliana. Tháinig coigilteas de €951,000 chun cinn sa Chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do Chomhairleoirí.

Tháinig coigilteas de €636,000 chun cinn san earnáil capall neamhfholaíochta toisc nach rabhthas in ann roinnt tionscadal ceadaithe a chur ar siúil roimh dheireadh na bliana.

## Clár D An Earnáil Bia Mara

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán − pá | | | 10,845 | 10,860 | 10,168 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | | | 7,073 | 6,434 | 5,015 |
| D.3 | Iascach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 55,052 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,580 | | | |
| | | | | 56,632 | 43,054 | 36,375 |
| D.4 | Deontas d'Fhoras na Mara | | | 45,027 | 44,439 | 48,351 |
| D.5 | Deontas don Bhord Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 62,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,900) | | | |
| | | | | 57,000 | 51,065 | 45,900 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,257 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,156) | | | |
| | | | | 22,101 | 20,933 | 18,042 |
| D.7 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 120 | | | |
| | | | | 120 | 74 | 450 |
| | | | | **198,798** | **176,859** | **164,301** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas maidir le Clár D €30.295 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Míníodh an difríocht de €624,000 i gcaiteachas riaracháin cheana féin. Na nithe seo a leanas go príomha ba chúis le hiarmhéid an difir de €29.671 milliún.

**D.3 Iascach**

*Soláthar meastacháin: €55.052 milliún, toradh €43.054 milliún*

Is mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha a tharla an t-easnamh caiteachais de €11.998 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

Tháinig coigilteas de €10.861 milliún sa chlár Forbartha Bia Mara chun cinn go príomha mar gheall ar thearc-chaiteachas ar thionscadail ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a bhí á ndéanamh ag Foras na Mara agus ar chostais forbartha córais TF chun CEMI a sheirbhísiú.

**D.5 Deontas don Bhord Iascaigh Mhara**

*Soláthar meastacháin: €62.9 milliún, toradh €51.065 milliún*

Is é is cúis leis an easnamh caiteachais de €11.835 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná coigilteas de €9.385 milliún mar thoradh ar tharraingt anuas níos ísle ar scéimeanna an Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (CCB). Tharla coigilteas de €1.6 milliún de bharr tarraingt anuas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dheontais CEMI.

**D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara**

*Soláthar meastacháin: €26.257 milliún, toradh €20.933 milliún*

Na nithe seo a leanas ba chúis go príomha leis an easnamh caiteachais de €5.324 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

Pá agus pinsean: is mar gheall ar uainiú moillithe ar earcaíocht na foirne nua agus ar scor níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a sábháladh €1.709 milliún.

Neamhphá: tharla coigilteas €1.5 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas ar thaisteal agus ar chothú de bharr srianta a bhain le Covid-19. Ina theannta sin, bhí táillí dlí agus gairmiúla eile níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

CEMI/CEMID: tharla coigilteas de €1.329 milliún mar gheall ar athbhreithniú ar obair TF atá ar siúl i mbliana agus mar gheall ar an moill ar chaiteachas pleanáilte.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | Fo-mhírcheann | 2022 Measta | 2022 Réadaithe | 2021 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigeach atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha | | 720 | 748 | 605 |
| 2 | Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil, aisíocaíocht easpórtála, etc., de chuid AE | | 1 | 43 | 364 |
| 3 | Fáltais ó tháillí cigireachta ag monarchana éanlaithe clóis agus feola eile | A.3 | 17,258 | 23,223 | 17,247 |
| 4 | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh onnmhairí beo | A.3 | 720 | 1,051 | 871 |
| 5 | Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitribh déiríochta | A.3 | 4,300 | 4,597 | 4,712 |
| 6 | Fáltais ó dhíolachán vacsaíní, beostoc, táirgí feirme, etc., ag an tSaotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; coraintín ag Inis Píc a aisghabháil | A.3 | 675 | 536 | 559 |
| 7 | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnaithe, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, srl. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin | C.3 | 2,385 | 2,515 | 3,415 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo an chostais chun galar buaibheach a dhíothú | A.3 | 7,501 | 8,299 | 7,866 |
| 9 | Fáltais an Choimisiúin Talún | | 280 | 228 | 173 |
| 10 | Fáltais eile | | 4,232 | 6,970 | 8,445 |
| 11 | Speansais idirghabhála margaidh agus costais maoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht) | B.11 | 975 | — | — |
| 12 | CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | B.4, B.3, B.5 agus B.9 | 320,000 | 310,847 | 311,939 |
| 13 | An Ciste Tréidliachta | A.3 | 3,735 | 3,255 | 4,711 |

| | | | 2022 | | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Fo-mhírcheann | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 14 | Fáltais Ráthaíochta eile AE (Talmhaíocht) | B.11 | | 52 | 52 | 41 |
| 15 | Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i ndáil le hiascach mara | D.3 | | 100 | — | 171 |
| 16 | Fáltais faoin Acht Imeall Trágha, 1933, agus faoin Acht Maoine Stáit ,1954 | D.3 | | 100 | 139 | 147 |
| 17 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | | 406 | 660 | 772 |
| 18 | Fáltais AE do CEMI | D.3 | | | | |
| | *Bunaidh* | 30,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | (22,000) | | | | |
| | | | | 8,000 | 5,611 | 13,042 |
| 19 | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe Éireann | | | 97 | 163 | 113 |
| 20 | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair | | | 10,792 | 11,427 | 10,096 |
| 21 | Fáltais NGEU | B.3 | | 25,000 | 28,354 | 1,258 |
| 22 | Fáltais ceadúnaithe foraoiseachta | B.10 | | 100 | 78 | 118 |
| | **Iomlán** | | | **407,429** | **408,796** | **386,665** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sna fáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €20.633 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh.

**3 Fáltais ó tháillí cigireachta ag monarchana éanlaithe clóis agus feola eile**

*Meastachán €17.258 milliún; réadaithe €23.223 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €5.965 milliún ná an líon níos mó de speicis áirithe a maraíodh ná mar a bhíothas ag súil leis in 2022, rud a d'fhág fáltais bhreise de €2.775 milliún.

Tháinig méadú €3.006 milliún ar fháltais rialaithe teorann mar gheall ar mhéadú leanúnach ar chigireachtaí allmhairithe a tháinig chun cinn tar éis Brexit.

**4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh onnmhairí beo**

*Meastachán €720,000; réadaithe €1.051 milliún*

Tharla an méadú de €331,000 mar gheall ar dhifir i leibhéil onnmhairithe a raibh na fáltais bhreise seo a leanas mar thoradh orthu:

Cigireacht tréidliachta ar onnmhairí eallaigh a bhí cothrom le €149,000, cigireacht tréidliachta ar chapaill a bhí cothrom le €147,000, táillí cigireachta ar ainmhithe beo a bhí cothrom le €89,000 agus difir neamhfhabhracha ar mhuca a bhí cothrom le €58,000 agus caoirigh a bhí cothrom le €9,000.

**5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí iniúchta áitribh déiríochta**

*Meastachán €4.3 milliún; réadaithe €4.597 milliún*

Tharla an méadú de €297,000 mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe san earnáil déiríochta.

**6 Fáltais ó dhíolachán vacsaíní, beostoc, táirgí feirme, etc., ag an tSaotharlann Taighde Tréidliachta agus ar an bhfeirm i mBaile an Aba; speansais coraintín ag Inis Píc a aisghabháil**

*Meastachán €675,000; réadaithe €536,000*

Laghdú de €139,000 ar fháltais do thástáil saotharlainne tréidliachta; is córas é seo atá bunaithe ar éileamh gan aon ráthaíocht go bhféadfar spriocanna measta a bhaint amach.

**7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnaithe, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc., agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin**

*Meastachán €2.385 milliún; réadaithe €2.515 milliún*

Is é is cúis go príomha leis an méadú €130,000 ná méadú €311,000 ar Dheimhnithe Féir agus Síolta Gránaigh; bhí imeachtaí domhanda mar chúis le hiarrataí breise ar dheimhniú síolta agus leibhéil arda fáltas dá mbarr. Tháinig laghdú €258,000 ar iarratais Rialaithe Lotnaidicídí.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo an chostais chun galar buaibheach a dhíothú**

*Meastachán €7.501 milliún; réadaithe €8.299 milliún*

Tháinig an méadú de €798,000 ar thobhaigh galair bhuaibhigh mar gheall ar fhairsingiú tréad déiríochta agus méadú ar tháirgeadh bainne.

**10 Fáltais eile**

*Meastachán €4.232 milliún; réadaithe €6.970 milliún*

Tharla an méadú €2.738 milliún mar gheall orthu seo:

Fáltais i leith caillteanais stoic idirghabhála – foráiltear le rialacháin ó AE go gcoimeádfar 20% d'aisghabháil fiachais Cholún 1 agus 25% d'aisghabháil Traschomhlíonta Cholún 1, arbh ionann iad agus €1.242 milliún do bhliain airgeadais AE 2021. Is deacair an tsuim coinneála sin agus a haisghabháil a thuar mar go gcinntear í trí úsáid a bhaint as leibhéil aisghabhála fiachais agus mar nár cuireadh buiséad ar bith ar fáil.

Tháinig méadú €91,000 ar fháltais pasanna peataí mar gheall ar Brexit, agus freisin mar gheall ar fháltas aonuaire ar ró-íocaíocht cúnaimh a íocadh mar airleacan le Bord Bia.

**11 Speansais idirghabhála margaidh agus costais maoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht)**

*Meastachán €975,000; réadaithe €nialas*

Tharla an laghdú de €975,000 mar gheall ar dhálaí fabhracha margaidh agus mar sin níor coinníodh aon táirge faoi stóráil phoiblí.

**13 An Ciste Tréidliachta**

*Meastachán €3.735 milliún; réadaithe €3.255 milliún*

Tharla an laghdú de €480,000 mar thoradh ar cheartú ón gCoimisiún ar éileamh Chlár 2021, rud a d'fhág go raibh fáltas níos ísle ann ná mar a bhí buiséadaithe.

**15 Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i ndáil le hiascach mara**

*Meastachán €100,000; réadaithe €nialas*

Is é is cúis leis an laghdú de €100,000 ná go bhfuil sé deacair fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo a thuar i dtéarmaí luacha agus uainiúcháin toisc gur féidir le hionchúisimh um chosaint iascaigh mara a bheith fadálach.

**17 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe**

*Meastachán €406,000; réadaithe €660,000*

Léiríonn an méadú €254,000 ar fháltais bailiú roinnt iarmhéideanna gan íoc.

**18 Fáltais AE do CEMI**

*Meastachán €30 milliún; réadaithe €5.611 milliún*

Is é an meastachán bunaidh is mó is cúis leis an laghdú de €24.389 milliún, lena n-áirítear scaoileadh cistí a choinnigh AE siar agus bearta á ndéanamh ag Éirinn chun oibleagáidí faoin gComhbheartas Iascaigh a chomhlíonadh. Bhíothas ag súil go scaoilfí na cistí sin in 2022 tar éis d'Éirinn an reachtaíocht riachtanach a chur i bhfeidhm agus bearta riaracháin a thabhairt isteach. Mar sin féin, bhí roinnt fiosrúchán AE fós gan réiteach agus níorbh fhéidir le AE na cistí a scaoileadh go dtí gur tugadh aghaidh orthu. Táthar ag súil go dtabharfar na fiosruithe sin chun críche in 2023 agus go scaoilfear na cistí sin ansin.

**20 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €10.792 milliún; réadaithe €11.427 milliún*

Baineann an méadú de €635,000 go príomha le Ciorclán 19/2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir leis an gcomhaontú pá 'Building Momentum'(ardú pá 3% a bhí dlite ón 1 Feabhra 2022 i leith agus ardú pá 1% a bhí dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith). Íocadh na riaráistí sin go cúlghabhálach i mí Dheireadh Fómhair 2022.

**21 Fáltais NGEU**

*Meastachán €25 mhilliún; réadaithe €28.354 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €3.354 milliún ná go raibh caiteachas Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU) níos airde ná mar a próifílíodh suas go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2022 agus aisíocadh an caiteachas sin ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2022.

**22 Fáltais ceadúnaithe foraoiseachta**

*Meastachán €100,000; réadaithe €78,000*

Tharla an laghdú de €22,000 mar thoradh ar an meastachán a bheith bunaithe ar fháltais 2021. Tá sé deacair fáltais a mheas mar níl aon smacht ag an Roinn ar an airgead seo mar go dtagann formhór na dtáillí ó dhaoine den phobal a chuireann agóid in aghaidh iarratas ar cheadúnas Foraoiseachta nó a dhéanann aighneachtaí ina leith.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Maoin Theagasc a dhíol | — | 3,436 |
| Tobhaigh siúcra | — | 48 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | — | (3,484) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Roinn | 3,760 | 3,692 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,707 | 1,615 |
| **Iomlán** | **5,467** | **5,307** |

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne a mbaineann gné pá lena ndeontas, mar a sholáthraítear i meastacháin na Roinne: Bord Bia; an Bord Iascaigh Mhara; Foras na Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; agus Teagasc

## 5.2 Pá

| Luach saothair fhoireann na Roinne | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 201,281 | 188,334 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 304 | 309 |
| Liúntais eile | 2,746 | 2,313 |
| Ragobair agus freastail bhreise | 3,151 | 2,912 |
| Liúntais seala | 2,165 | 2,298 |
| ÁSPC an fhostóra | 16,660 | 15,061 |
| **Pá iomlán** | **226,307** | **211,227** |

| Luach saothair na foirne Gníomhaireachta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 93,415 | 85,889 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,270 | 1,119 |
| Liúntais eile | 491 | 471 |
| Ragobair agus freastail bhreise | 122 | 120 |
| Íocaíochtaí aisce | 124 | 216 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,118 | 3,972 |
| **Pá iomlán** | **99,540** | **91,787** |

Nóta Ní bhaineann na liúntais, an ragobair ná na sonraí luacha saothair eile i nótaí 5.3 go dtí 5.7 thíos ach le foireann na Roinne, agus íoctar go díreach iad ón Vóta faoi chláir A go D. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le socruithe luacha saothair comhlachtaí Stáit comhlachaithe na Roinne ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – An Roinn

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 98 | 4 | 14,451 | 12,858 |
| Liúntais seala | 282 | 66 | 26,870 | 24,232 |
| Ilghnéitheach | 1,062 | 29 | 86,926 | 22,002 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 825 | 84 | 32,764 | 32,156 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 515 | 237 | 48,609 | 59,156 |

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos:

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2022 | 2021 |
| 20,000 | 59,999 | 2761 | 2832 |
| 60,000 | 69,999 | 417 | 349 |
| 70,000 | 79,999 | 241 | 160 |
| 80,000 | 89,999 | 178 | 120 |
| 90,000 | 99,999 | 88 | 79 |
| 100,000 | 109,999 | 97 | 147 |
| 110,000 | 119,999 | 96 | 16 |
| 120,000 | 129,999 | 20 | 5 |
| 130,000 | 139,999 | 10 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 6 |
| 160,000 | 169,999 | 6 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |

### 5.5 Socruithe luacha saothair eile

Athfhostaíodh trí státseirbhíseach déag ar scor, a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse, ar bhonn táille ar chostas iomlán €31,445 in 2022. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €2,419,152 milliún i leith 31 oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2022 nó ar feadh na bliana iomláine agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le 19 n-oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2022 nó ar feadh na bliana iomláine, i Ranna/Oifigí Rialtais eile, agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 284 | 679,872 | 530,506 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 73 | 216,750 | 216,171 |

Aistríodh aon cheann déag de phleananna aisghabhála ró-íocaíochta i leith ochtar duine arbh fhiú €6,444 iad chuig ocht roinn/oifig rialtais in 2022.

### 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Bunphá | **213** | **203** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den Scéim Aoisliúntais réamh-1995 do Státseirbhísigh Bunaithe agus ní théann a theidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí na scéime sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaí margaidh agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir cheadaithe forbartha tuaithe.

Cuimsítear i ngníomhaíochtaí na Roinne bearta a mhaoinítear go hiomlán ó EAGF agus gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó CETFT agus ón Vóta.

Cuimsítear i gClár B caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad trí CETFT. Cuimsítear freisin i gClár C caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta AE. Cuimsítear i gCláir C agus D caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), 2014-2020, de chuid AE. Cuimsítear i gClár B muirear dar luach €4,765,269.90 chuig an Vóta le haghaidh Maoiniú ó AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí imréitigh comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha dar luach €827,887.40.

Cuimsítear sa chuntas ús dar luach €48,178 a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €655 mhilliún a fuarthas ar iasacht in 2021 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2022, i dteannta úis.

Fuarthas cistí gearrthéarmacha dar luach iomlán €670 milliún ar iasacht in 2022 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE in 2023.

**Ioncam agus caiteachas arna maoiniú ag AE atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/na n-íocaíochtaí bunúsacha | 1,180 | 1,171 |
| Tacaíochtaí margaidh eile | 27 | 12 |
| Eile | (11) | (6) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta a gcómhaoiníonn AE iad)** [a] | | |
| | **2022** | **2021** |
| | **€m** | **€m** |
| Cláir Forbartha Tuaithe CETFT | 339 | 313 |
| An Ciste Tréidliachta | 2.8 | 4 |
| Fáltais chómhaoinithe eile | 1 | 1 |
| **Iascach** | | |
| CEMI – An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 [b] | 5.6 | 13 |
| **Pá iomlán** | **1,544** | **1,508** |

Nótaí [a] Ní léirítear sa tábla seo ach cómhaoiniú AE ar na cláir seo.

[b] Coimeádtar fáltais CEMI dar luach €13.2 milliún i gcuntas fionraí (airleacain AE) de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí.

[c] Faoi Airteagal 28 de Rialachán 908/2014 ó AE, déantar na suimeanna a aisghabhtar a dhearbhú agus a ghlanluacháil in aghaidh chaiteachas na scéime ar ina leith a tháinig an dliteanas don aisghabháil chun cinn.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag an 1 Eanáir | 668 | 1,367 |
| Coigeartú athráiteas ar an iarmhéid tosaigh [a] | 1,455 | — |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 15,710 | 13,130 |
| Ceartúcháin | (1,040) | (998) |
| Aisghabhálacha | (14,958) | (12,787) |
| Nithe a díscríobhadh (nóta 6.3) | (92) | (44) |
| **Ró-íocaíochtaí scéime ag an 31 Nollaig** | **1,743** | **668** |

Nóta [a] D'eascair an coigeartú athráitis ar an iarmhéid tosaigh in 2022 mar gheall ar cheartú ar an modh chun cion vótaí na ró-íocaíochtaí scéime iomlána a ríomh.

## 6.3 Nithe a díscríobhadh

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéime:** | | |
| Scéim foraoisithe | 69,011 | 5,625 |
| Scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 11,378 | 23,166 |
| Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéarbhunaithe | 2,169 | 1,843 |
| Préimheanna Vóta Ilghnéitheacha | 2,951 | 1,748 |
| Scéim luathscoir | 6,311 | 12,117 |
| | **91,820** | **44,499** |
| **Custaiméirí:** | | |
| Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh | 2,373 | 123,805 |
| Ceadúnais dobharshaothraithe a d'imigh in éag/a géilleadh agus nár athnuadh | — | 2,158 |
| Cúiseanna eile | 1,814 | 31,279 |
| | **4,187** | **157,242** |
| | **96,007** | **201,741** |

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2022** | **2021** |
| Líon na gcásanna | 7 | 6 | 13 | 15 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | — | — | 63 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 71 | 16 | 87 | 191 |
| Costais dlí | 73 | 501 | 574 | 397 |
| Costais eile | 6 | 6 | 12 | 13 |
| **Iomlán 2022** | **150** | **523** | **673** | **664** |
| Iomlán 2021 | 186 | 478 | 664 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 87 gcás dlíthíochta ginearálta gan réiteach.

[b] Amhail an 31 Nollaig 2022, tá creidiúnaithe eile dlite curtha san áireamh ag an Roinn, €280,347 arb ionann é agus na costais dlí iomlána atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2022**

| | Éilimh uathu seo | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 1 | 5 | 6 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | — | — | — |
| Costais dlí | — | 483 | 483 |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | — | **483** | **483** |

## 6.5 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear le caiteachas in 2022 íocaíochtaí €990,000 (2021: €nialas) a rinneadh mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána.

## 6.6 Tabhartais cúnaimh bia

Shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2022-2024 i mí na Nollag 2021. Rinneadh cur síos sa chomhaontú sin ar thacaíocht mhéadaithe le haghaidh an Chláir Dhomhanda Bia sa tréimhse sin, faoi réir leithreasaí bliantúla buiséid ag Dáil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar íos-suim €25 mhilliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha sa bhliain, agus bheadh an t-iomlán trí bliana leithdháilte faoin gcomhaontú cothrom le €75 mhilliún ar a laghad.

Déantar an leithdháileadh sin chun tacú go leanúnach le cuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, is iad sin:

- deireadh a chur leis an ocras, trí rochtain ar bhia a sholáthar
- cothú a fheabhsú
- slándáil bhia a chinntiú
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- oibriú i gcomhpháirt ar mhaithe le torthaí SFI.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire toilteanach eisíocaíocht luath leithdháileadh 2023 a cheadú. Chomhaontaigh an Roinn le luathíocaíocht €25 mhilliún a dhéanamh ó leithdháileadh 2023, agus rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag 2022, agus tá an tsuim sin curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) príomhghníomhaireacht speisialaithe na Náisiún Aontaithe atá i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain a threorú, slándáil bhia a chinntiú do chách, agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar dhóthain bia ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Úsáidtear síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le FAO chun cúnamh a sholáthar do 130 tír chun cabhrú leo córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fhorbairt. In 2022, b'ionann ranníocaíocht na hÉireann (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) le FAO agus €3.359 milliún (2021: €3.558 milliún).

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €27.5 milliún i gcaiteachas caipitil in 2022, faoi na fo-mhírchinn seo a leanas, a tugadh anonn go 2023.

| | | **€000** |
|---|---|---|
| B.3.7 | Tionscnaimh agra-chomhshaoil eile | 12,750 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 14,750 |
| | | **27,500** |

## 6.8 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois amhrasta | 5 | 88 | 87 |

Tháinig an Roinn ar an eolas faoi chúig chás calaoise amhrasta le linn 2022 (2021: dhá cheann).

## 6.9 Clár Díothaithe Eitinn Bhólachta

In 2022, b’ionann costas na scéime (gan costais tuarastail foirne a áireamh) agus €57.4 milliún.

Ba é €26.52 milliún costas na ngnéithe cúitimh go léir a íocadh le feirmeoirí. Cuimsíonn sé sin an Scéim Luachála Margaidh Ar an bhFeirm, an Scéim Forlíonta Ioncaim, an Scéim Cruatain agus an Scéim Dídhaonraithe.

Chomh maith le maoiniú ón státchiste, déantar costas an chláir a mhaoiniú trí thobhaigh ar ghalair bó-ainmhithe agus trí mhaoiniú AE. Maidir le clár eitinne 2021, a íocadh in 2022, fuair Éire maoiniú de €2.8 milliún ó AE. Ina theannta sin, b’ionann fáltais ó thobhaigh galair agus €8.299 milliún in 2022.

## Nóta 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fo-mhírcheann C.7) | 88,000 | 96,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (70,400) | (76,800) |
| Rásaíocht Con Éireann | (17,600) | (19,200) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **–** | **–** |

Eisíodh íocaíocht aonuaire ar 19 Nollaig 2022 chuig Graí Náisiúnta na hÉireann (INS) ar €6,231,276 chun a scairchaipiteal a mhéadú. Bunaíodh mír nua gealltanais chun an íocaíocht sin ó Fho-mhírcheann C.7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Con a éascú. Mar sin féin, níl an íocaíocht ina cuid den Chiste Rásaíochta Capall agus Con (an Ciste) é féin.

Eisítear íocaíochtaí faoin gCiste chuig Rásaíocht Capall Éireann (DAT) agus Rásaíocht Con Éireann (RCÉ) (Bord na gCon (BNG) roimhe seo) mar a fhoráiltear faoi alt 12 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001, agus faoi rialacháin ghaolmhara.

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit, á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha orthu

| **Maoin** | **Achar i Heicteáir** |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear an droichead agus an bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | 2.8 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Ceapach foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Ceapach foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Ceapach foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Ceapach foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Ceapach foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Ceapacha foraoise, Bántír | 6.2 |
| Ceapacha foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Ceapacha foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Ceapacha foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad Tástála Prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Ceapach foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Ceapach foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cúil Lú | 52.1 |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Ros Mór | 3.2 |
| Saighleán | 1.7 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| **Ciarraí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Uí Dhoinnléibhe | 284.6 |
| An Gleann Liath | 4.0 |
| Ceapach foraoise, Neidín | 0.2 |

| | |
|---|---|
| **Cill Dara** | |
| Teachín Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Teach an Bhainisteora Feirme, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |
| Tailte, Feirme Bhaile an Longaigh, Claonadh | 128.2 |
| Teach Bainisteoirí Feirme, Feirm Bhaile an Longaigh | — |
| Lóiste Geata, Feirm Bhaile an Longaigh | — |
| Lóiste Áirse, Feirm Bhaile an Longaigh | — |
| **Cill Chainnigh** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh | 0.9 |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Liatroim** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, An Ros Beag | 79.0 |
| **Luimneach** | |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach | 3.2 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach | 1.2 |
| Ceapacha foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| **Maigh Eo** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Doire | 34.8 |
| Ceapach foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Eanach Mór | 69.4 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Cill an Eanaigh | 0.4 |
| Ráth Lumar | 7.2 |
| Ceapach foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile na hAbhainne/Béal Coille | 4.6 |
| Cluain Coille | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 22.4 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 4.4 |
| Cléithín | 0.6 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |

| | |
|---|---|
| Tonrevagh | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Clonree | 25.7 |
| Moor | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Ceapacha foraoise, Loch Cé | 16.0 |
| | |
| **Sligeach** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach | 1.4 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin | 244.0 |
| Ceapach foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |
| | |
| **Tiobraid Árann** | |
| Ceapach foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Ceapach foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Ceapach foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Ceapacha foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| | |
| **An Iarmhí** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain | 1.7 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Clonthread | 26.6 |
| Ceapach foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| An Creagán Íochtarach | 0.5 |
| | |
| **Loch Garman** | |
| Ceapach foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Ceapacha foraoise, Guaire | 11.1 |
| | |
| **Cill Mhantáin** | |
| Ceapach foraoise, Shelton | 0.2 |
| Ceapach foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Ceapach foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Ceapach foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Ceapach foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag cuanta iascaigh**

Lena chois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuanta iascaigh dílsithe don Aire. Déantar cuntas orthu ar leithligh i gcuntas an Chiste um Lárionaid Cuanta Iascaigh.

Nóta Is le OOP cuid de na maoine atá liostaithe in Aguisín A, ach tá siad á rialú agus á mbainistiú ag an Roinn seo.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2021 | 23 Nollaig 2022 | 19 Eanáir 2023 | 17 Feabhra 2023 |
| Bord Bia | 2021 | 30 Meitheamh 2022 | 22 Meán Fómhair 2022 | 24 Samhain 2022 |
| An Bord Iascaigh Mhara | 2021 | 30 Meitheamh 2022 | 29 Iúil 2022 | 3 Deireadh Fómhair 2022 |
| Coillte Teoranta [a] | 2021 | 4 Aibreán 2022 | 14 Aibreán 2022 | 3 Meitheamh 2022 |
| An Ciste um Lárionaid Cuanta Iascaigh | 2021 | 21 Nollaig 2022 | 21 Nollaig 2022 | 14 Márta 2023 |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2021 | 20 Deireadh Fómhair 2022 | 28 Deireadh Fómhair 2022 | 9 Eanáir 2023 |
| Bord Rialála Rásaíocht Capall Éireann | 2021 | 21 Nollaig 2022 | 22 Nollaig 2022 | 2 Márta 2023 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teo. [b] | 2021 | 30 Márta 2022 | 20 Aibreán 2022 | 27 Bealtaine 2022 |
| Foras na Mara | 2021 | 30 Meitheamh 2022 | 25 Iúil 2022 | 3 Deireadh Fómhair 2022 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c] | 2021 | 30 Márta 2022 | 7 Meitheamh 2022 | 1 Samhain 2022 |
| Rásaíocht Con Éireann | 2021 | 2 Meitheamh 2022 | 10 Meitheamh 2022 | 26 Meán Fómhair 2022 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2021 | 14 Iúil 2022 | 11 Lúnasa 2022 | 3 Deireadh Fómhair 2022 |
| Teagasc | 2021 | 24 Meitheamh 2022 | 30 Meitheamh 2022 | 15 Meán Fómhair 2022 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2021 | 4 Márta 2022 | 4 Márta 2022 | 7 Aibreán 2022 |

Nótaí [a] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Coillte, ós comhlacht stáit tráchtála féinmhaoinithe é; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus

cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta, 1988, faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta, 1945, faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d’Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.